Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Márta 2025
(OR. en)

7207/25
PV CONS 15
AG 32

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Ginearálta)

18 Márta 2025

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7103/25.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 7101/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 7102/25

## Plé reachtach

### Gnóthaí Ginearálta

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Rialachán maidir le bunú na Saoráide Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 14.3.2025 | ❶C | 6784/25 + ADD 1<br>PE-CONS 1/25<br>ELARG |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 212 CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san iarscríbhinn.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

| | | |
|---|---|---|
| 3. | Ullmhúchán don Chomhairle Eorpach an 20–21 Márta 2025: conclúidí<br>*Seisiún tuairimíochta* | 5198/25 |
| 4. | An caidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe<br>*Seisiún tuairimíochta* | |
| 5. | An Seimeastar Eorpach | |
| | (a) Tuarascáil sintéise maidir le hionchur na Comhairle i dtaca le Seimeastar Eorpach 2025<br>*Seisiún tuairimíochta* | 6416/25 + COR 1 |
| | (b) Treochlár nuashonraithe maidir le Seimeastar Eorpach 2025<br>*Cur i láthair ón Uachtaránacht* | 15357/1/24 REV 1<br><br>5893/25 |
| | (c) Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2025<br>*Tarchur chuig an gComhairle Eorpach* | 5960/25 |

**6.** **Clársceidealú reachtach** [3] 6850/25 + ADD 1

**(a)** **Dearbhú comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2025** 6808/25
*Formheas*

**(b)** **Conclúidí comhpháirteacha maidir le cuspóirí beartais agus tosaíochtaí do 2025–2029** 6809/25
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle an dearbhú comhpháirteach agus na conclúidí comhpháirteacha thuasluaite.

Thíolaic an Ungáir ráiteas, mar a leagtar amach san iarscríbhinn é.

7. Aon ghnó eile

a) *Radio Free Europe* a Mhaoiniú 7169/25
*Faisnéis ón tSeicia*

---

[3] Plé poiblí (Airteagal 8(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 7102/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le bunú na Saoráide Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus le reachtaíocht náisiúnta na hUngáire, léirmhíníonn an Ungáir ar inscne mar dheiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus léirmhíníonn sí an coincheap 'comhionannas inscne' mar 'deiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir' sa Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do Phoblacht na Moldóive.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Chun maoiniú leordhóthanach a chaomhnú le haghaidh tosaíochtaí eile faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, maoineoidh an Coimisiún an tacaíocht bhreise neamh inaisíoctha ar fiú EUR 100 milliún í don tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do Phoblacht na Moldóive, trí chistí nár úsáideadh a chur chun úsáide an athuair faoin líne bhuiséid le haghaidh deontais cúnaimh macrairgeadais (EUR 40 milliún), cistí a chur chun úsáide an athuair laistigh de líne bhuiséid ICFCI Chomharsanacht an Oirthir (EUR 37 milliún), agus ón gCúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn faoi chuimsiú ICFCI (EUR 23 mhilliún) i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh.'

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'B' a leagtar amach in 7103/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'B':** | **Clársceidealú reachtach**<br>**(b) Conclúidí comhpháirteacha maidir le cuspóirí beartais agus tosaíochtaí do 2025–2029**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Scrúdaigh an Ungáir téacs na gConclúidí Comhpháirteacha a chuir Uachtaránacht na Polainne i láthair agus thug sí dá haire seasaimh an Choimisiúin Eorpaigh agus Pharlaimint na hEorpa agus na teorainneacha maidir le modhnuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an téacs. Ós rud é gur shainaithin an Ungáir roinnt pointí a thagann salach ar a cuspóirí beartais agus a tosaíochtaí a bhfuiltear an-eolach fúthu agus a cuireadh in iúl go comhsheasmhach, staonann an Ungáir ó fhormheas na gConclúidí Comhpháirteacha agus tarraingíonn sí aird ar na saincheisteanna bunúsacha seo a leanas. Dearbhaítear sna Conclúidí Comhpháirteacha go dtacaíonn an tAontas Eorpach leis an Úcráin a fhad is gá, ach ar an drochuair ní chuirtear in iúl iontu gur iarr na trí institiúid go gcuirfí deireadh go pras leis an gcoinbhleacht agus go bhfuil siad tiomanta tacú leis na hiarrachtaí chun sos comhraic agus síocháin a bhaint amach. Ní thugtar aghaidh sa doiciméad ar na heasnaimh sa reachtaíocht atá le cur chun feidhme maidir leis an imirce agus ní fhreagraíonn sé ar an bpráinn a bhaineann le réiteach a fháil ar an imirce neamhrialta. Ní mór don Aontas breathnú níos faide ná bainistiú na himirce agus ba cheart dó féachaint ar réitigh nuálacha agus ar bhealaí nua chun an imirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir lena Chlár Oibre Straitéiseach 2024-2029. Ní chomhlíonann an doiciméad ionchais na hUngáire maidir lena léiriú go bhfuiltear sách diongbháilte chun cur i gcoinne gach cineál bréagaisnéise agus gach cineál cúblála agus cur isteach eachtraigh ar fhaisnéis, gan beann ar a bhfoinse.'